Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 30

# Talmhaíocht, Bia agus Mara

# Réamhrá

Tá dualgais orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus maidir le Coimisiún Talún na hÉireann agus deontais, fóirdheontais agus deontais eile a íoc, agus maidir le deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgead teoranta agus feabhsú Inis Sionnach.

Déantar comparáid idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna

(a) a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2017, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair, agus
(b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2017 as leithreasuithe 2016 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bhunaigh Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

***Athstruchtúrú na gclár***

Ullmhaíodh an cuntas seo de réir Mheastachán Athbhreithnithe 2017 d'Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá caiteachas comhlán €1.39 billiún taifeadta i gcuntas leithreasa 2017, maidir le ceithre réimse clár. Tá figiúirí toraidh 2016 athleithroinnte ar na ceithre chlár d'fhonn struchtúr nua na Roinne a léiriú.

Tá farasbarr €207,303 dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus prionsabail chuntasaíochta caighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a réiteach i bhfeidhm agus an cuntas a ullmhú, mar atá siad leagtha amach ag an Rionn Caiteachair Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 25 de 2017, ach amháin maidir leis na nithe seo a leanas:

***Sócmhainní caipitiúla***

Tá sceideal faoin talamh agus faoi na foirgnimh ar fad a riartar ag an Roinn iarcheangailte leis an gcuntas ag Aguisín A. De bharr nach bhfuil luachálacha don mhaoin sin go léir ar fáil, áfach, níl siad san áireamh sna sócmhainní caipitil.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don Chóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí, lena n-áirítear na ceanglais a bhaineann le deontais mhaoinithe Státchiste mar a leagtar amach i gCiorclán 13/2014 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- tá nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann na nithe seo a leanas.

- córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán
- córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.

Cinntíonn an Roinn go gcuirtear fócas iomchuí ar an dea-chleachtas agus ceannaigh á ndéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. Chloígh an Roinn le treoirlínte náisiúnta agus le rialacháin an AE seachas i gcás aon chéad agus a sé déag conarthaí (116), arbh ionann a gcaiteachas agus €18.87 milliún. Bhí tríocha a hocht de na conarthaí sin (38) arbh ionann a gcaiteachas agus €5,697,117 neamhchomhlíontach.

Cuireadh na conarthaí seo san áireamh i dtuairisceán Chiorclán 40/2002 ós rud é go bhfuil siad os cionn na tairsí tuairisceoireachta, €25,000, agus gur bronnadh iad gan phróiseas iomaíoch, mar seo a leanas:

- Baineann caoga a dó (52) conarthaí arbh ionann a gcaiteachas agus €6,794,332 le soláthraithe aonair oiriúnacha/dhílsithe (córais bogearraí agus tacaíochta, soláthairtí, seirbhísiú agus trealamh saotharlainne agus sainriachtanais eile den chuid is mó). Astu sin, tá athbhreithniú á dhéanamh ar thrí déag (13) conradh, arbh ionann a gcaiteachas agus €825,996, a bhfuil an luach comhshuimithe le díoltóir amháin níos mó ná €25,000 le súil agus comhlíontacht a bhaint amach. Féachfaidh an Roinn le ceannach ó chreataí na Seirbhíse Soláthair Oideachais (SSO) nuair is féidir.
- Baineann tríocha a dó (32) conradh arbh ionann a gcaiteachas agus €6,053,437 le seirbhísí a raibh gá leo chun cloí le beartas na Roinne maidir le sábháilteacht bia agus leas ainmhithe. Níorbh fhéidir agus ní raibh sé indéanta dul i mbun próiseas iomaíochta i leith naoi (9) gcinn de na conarthaí sin. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar sheacht (7) gconradh arbh ionann a gcaiteachas agus €354,967 le súil is comhlíontacht a bhaint amach.
- Baineann seacht gconradh déag (17) arbh ionann a gcaiteachas agus €1,688,562 le seirbhísí corparáideacha sa Roinn den chuid is mó (glantachán, an ceaintín, stóras, postas agus priontáil etc.). Tá athbhreithniú á dhéanamh ar thrí (3) conarthaí arbh ionann a gcaiteachas agus €182,981 le súil is comhlíontacht a bhaint amach.
- Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gcúig chonradh déag (15) atá fanta arbh ionann a gcaiteachas agus €4,333,173 faoi láthair le súil is comhlíontacht a bhaint amach.

Is é polasaí na Roinne seo leas a bhaint as gach creatlach atá ar fáil go lárnach a luaithe is a thosaíonn siad ag feidhmiú agus teagmháil a dhéanamh le OSR/SSO nuair a bhíonn riachtanais níos sonraí againn. Fanfaidh rialaithe i bhfeidhm chun comhlíontacht na straitéise seo a chinntiú. Lena chinntiú go mbaintear amach an próiseas sin ar bhonn práinne, bunófar grúpa nua sa Roinn chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Tá roinnt bealaí ag an Roinn le hathbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar a córas rialaithe agus bainistíochta airgeadais ar bhonn leanúnach. Áirítear orthu sin a Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a Coiste Iniúchta agus a Córas Bainistithe Riosca.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a bhfuilim i mo chathaoirleach air, athbhreithniú ar thorthaí iniúchta AE agus déanann monatóireacht ar an dul chun cinn atáthar a dhéanamh maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna rialaithe aitheanta agus maidir le ceanglais creidiúnaithe atá leagtha síos faoi rialachán a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta an AE a chomhlíonadh.

Bíonn an Roinn faoi réir raon iniúchtaí ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh, ag Cúirt Iniúchóirí an AE, ag Coimisiún an AE agus ag comhlacht deimhniúcháin neamhspleách - cuideachta cuntasaíochta ghairmiúil - a dheimhníonn na cuntais bhliantúla EAGF agus EAFRD. I 2017, bhí an Roinn faoi réir tuairim is 2,262 daonlaethanta iniúchta ag na comhlachtaí sin. Chuir mé dearbhú bainistíochta ar fáil don chomhlacht deimhnithe maidir le cuntais bhliantúla AE mar a éilítear le Rialachán 1360/2013 ón gComhairle.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

I Lúnasa 2017, d'aithin tuarascáil iniúchta inmheánaigh chóras bainistithe riosca na Roinne toradh ardriosca amháin agus dhá mheánriosca. Fuarthas amach leis an iniúchadh go raibh laigí ag forbairt de réir a chéile sa struchtúr rialachais a bhaineann leis an mbainistiú riosca, go raibh roinnt fadhbanna teicniúla ag baint leis an mbunachar sonraí riosca a raibh easnamh féideartha ar rialú mar thoradh air agus go raibh an leibhéal gníomhaíochta a bhí i gceist le bainistiú riosca agus monatóireacht ar bhainistiú riosca sa Roinn faoi na leibhéil barrmhaitheasa. Rinneadh an córas bainistithe riosca a iniúchadh in aghaidh Threoir Bainistithe Riosca na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 2016 agus aithníodh líon difríochtaí idir córas na Roinne agus dea-chleachtas i ndáil le bainistiú riosca.

Tá obair ollmhór déanta chun na moltaí a bhí sa tuarascáil iniúchta inmheánach a chur i bhfeidhm. Rinneadh struchtúir rialachais a athfhoinsiú agus a athbhunú i dtéarmaí cruinnithe boird rialta agus tuairisciú chuig an mBord Bainistíochta. Tá tús curtha le clár monatóireachta ar ghníomhaíocht bainistithe riosca, spreagtar go mbeadh idirghníomhaíocht rialta ag úsáideoirí leis an gcóras agus cuirtear comhairle ar an bhfoireann ar bhonn rialta.

Chun dul i ngleic le fadhbanna teicniúla, tá tabhall riosca nua á chur i bhfeidhm d'fhoireann na Roinne. Tá sé i gceist ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe bunachar sonraí eRisk, córas SharePoint, a chur ar fáil do gach roinn rialtais, agus táthar ag súil go mbeidh sé le cur i bhfeidhm sa chéad ráithe de 2019. Idir an dá linn, tá na fadhbanna teicniúla a bhain leis an gcóras reatha réitithe.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomhrioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Rioscaí Airgeadais Móra***

**i) An Breatimeacht**

Cruthaíonn cinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht as an AE dúshláin ollmhóra don earnáil agraibhia agus don Roinn. Fágann an bhaint atá ag an earnáil le margadh na Ríochta Aontaithe, agus an nádúr ard comhtháite atá ag baint le slabhraí soláthair na hÉireann/na Ríochta Aontaithe go bhfuil an tír seo ach go háirithe i mbaol ag tionchair an Bhreatimeachta, de bharr go bhféadfadh taraif ar tháirgí agraibhia chomh maith le costais agus moill bhreise a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr rialú allmhairithe agus ceanglais deimhnithe onnmhairithe Is dócha go mbeidh infheistíocht mhór le déanamh ag an Roinn sa bhonneagar fisiciúil, in acmhainní foirne agus TF d'fhonn na rialaithe allmhairithe agus deimhnithe onnmhairithe sin a chur i bhfeidhm mar gheall ar an mBreatimeacht.

Tá freagra na Roinne comhdhéanta de ghnéithe ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha. Sa ghearrthéarma, tugadh isteach réimse beart a bhí dírithe ar an iomaíochas a fheabhsú agus tacaíocht do mhargadh éagsúlaithe a mhéadú. I dtéarmaí dul i ngleic leis na tionchair fhadtéarmacha, tá measúnú mionsonraithe ar an tionchair is dócha a bheidh aige ar an earnáil agus ar an Roinn féin ag cur bonn eolais faoi phleanáil teagmhais na Roinne, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara.

**ii) Laigí sa Rialú maidir le Sócmhainní Seasta**

Bunaíodh Aonad Bainistithe Sócmhainní tiomnaithe in Eanáir 2017 agus tá roinnt laigí rialaithe maidir le sócmhainní seasta aimsithe i rith na hoibre go dtí seo. Ní féidir méid róluachála ná gannluachála Chlár Sócmhainní na Roinne a ríomh ag an bpointe seo, ach de bharr gurb é an tAonad a chinntíonn catagóirí na sócmhainní, déanfar coigeartuithe amach anseo ar an gClár Sócmhainní maidir le sócmhainní nach féidir teacht orthu go fisiciúil.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2017, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

***Slándáil TFC***

Tá an Roinn tiomanta go láidir do shlándáil a córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide. Déantar athbhreithniú neamhspleách ar na córais seo ar bhonn rialta. Tá nósanna imeachta aisghabhála/cúltaca doiciméadaithe i bhfeidhm do na sonraí ríthábhachta go léir, lena n-áirítear seirbhísí stórála as an láthair agus saoráidí aisghabhála i gcás tubaiste. Tá Aonad Slándála TF tiomanta ag an Roinn agus tá sí forghníomhach i bhforbairt agus cur chun cinn polasaithe slándála TF. Bíonn socruithe slándálaTFC faoi réir ag athbhreithniú ó rannóg iniúchta TF an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh. Chomh maith leis sin bíonn an Roinn faoi réir ag iniúchadh creidiúnaithe bliantúil, lena n-áirítear athbhreithniú ar bhainistíocht riosca ríomhaireachta, ina cáil mar ghníomhaire íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh. I 2016 bhain an Roinn creidiúnú amach faoin gcaighdeán idirnáisiúnta ISO 27001: Cód Cleachtais um Bainistiú Slándála Faisnéise a ghlacadh mar bhunús dá slándáil TF. Mar chuid den phróiseas deimhniúcháin seo, tá an Roinn faoi réir ag iniúchtaí leathbhliantúla chun comhlíontacht leantach Chaighdeán Slándála Faisnéise ISO27001:2013 a chinntiú.

***Dearbhú ar Sheirbhísí Comhroinnte***

An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna pá rolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Is é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá freagrach as rialaithe a chur i bhfeidhm sna hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte chun dearbhú neamhspleách a chur ar fáil maidir le feidhmiú na rialaithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte. Tá na hiniúchtaí á ndéanamh ag comhlachtaí cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402) atá in ainm is tuairisciú do ranna úsáideora agus a n-iniúchóirí ar na rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte.

Cuimsíonn na hiniúchtaí (i) measúnú ar ullmhacht chun rioscaí agus rialaithe gaolmhara a shainaithint agus anailís ar bhearnaí a sholáthar, óna leanann (ii) tuarascáil ar dhearadh agus láithreacht rialaithe, agus (iii) tuarascáil bhliantúil ar cé acu ar oibrigh nó nár oibrigh na rialaithe go héifeachtach.

Sholáthair an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte litir dom ina dtugtar cuntas ar dhul chun cinn maidir leis an bpróiseas um dhearbhú iniúchóireachta a chur i bhfeidhm agus táthar ag súil leis go ndéanfar torthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh, láithreacht agus oibriú na rialaithe a thuairisciú dom, faoi mar a leagtar amach sa litir sin.

Glacaim le dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte faoi mar a thuairiscíonn an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte dom.

**Dr Kevin Smyth**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

17 Meán Fómhair 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Roinn Talmhaíocht, Bia agus Mara agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar/faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cás/cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair maidir le conradh/conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2017.

**Seamus MacCárthaigh**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 30 Talmhaíocht Bia agus Mara
# Cuntas Leithreasa 2017

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | | |
| A | Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 218,205 | | | |
| | *Forlíontach* | (6,633) | 211,572 | 204,314 | 199,764 |
| B | Tacaíochtaí agus Rialaithe Feirme/Earnála | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 783,358 | | | |
| | *Forlíontach* | 907 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 21,700 | 805,965 | 726,326 | 622,960 |
| C | Beartas agus Straitéis | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 324,828 | | | |
| | *Forlíontach* | 13,302 | 338,130 | 338,396 | 339,811 |
| D | An Earnáil Bia Mara | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 141,854 | | | |
| | *Forlíontach* | (7,575) | 134,279 | 118,720 | 94,477 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 1,468,245 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 21,700 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | **1,489,946** | **1,387,756** | **1,257,012** |
| ***Luíde*** | | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **337,088** | **258,905** | **453,147** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 1,131,157 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 21,700 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **1,152,858** | **1,128,851** | **803,865** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime fheidhmithe faoi dhliteanas le géilleadhdon Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithreasaíneamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 24,007,303 | 252,795,648 |
| Géilleadh iarchurtha | (23,800,000) | (21,700,000) |
| Farasbarr le géilleadh | **207,303** | **231,095,648** |

**Dr Kevin Smyth**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

17 Meán Fómhair 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas chláir | | 1,164,295 | 1,040,820 |
| Pá | | 162,511 | 159,158 |
| Neamhphá | | 60,950 | 57,034 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,387,756** | **1,257,012** |
| *Luíde* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 258,905 | 453,147 |
| **Glanchaiteachas** | | **1,128,851** | **803,865** |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannachaín airgead tirim | (5,528) | | |
| Dímheas | 4,909 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (81) | (700) | 1,592 |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (102,391) | | |
| Méadú ar stoc | (502) | (102,893) | 11,138 |
| **Caiteachas díreach** | | **1,025, 258** | **816,595** |
| **Caiteachas iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 73,956 | 64,371 |
| Measchíosanna | | 7,373 | 7,400 |
| **Costas chláir ghlan** | | **1,106,587** | **888,366** |

### 1.1 Caiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 30 a iompraíodh in áit eile.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 5 | 1 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 69,900 | 60,368 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,385 | 3,648 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Seirbhís Roinnte | 379 | 54 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | 287 | 300 |
| | **73,956** | **64,371** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 12,305 | 11,605 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 2,235 | 1,733 |
| Réamhíocaíochtaí | | 12,547 | 21,783 |
| Ioncam fabhraithe: | | | |
| Maoiniú EAFRD dlite ón AE | | 217,802 | 103,690 |
| Méideanna eile dlite ón AE | | 440 | 550 |
| Ró-íocaíochtaí scéime | 6.2 | 1,087 | 2,556 |
| Dlite le haghaidh seirbhísí | | 6,717 | 7,544 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 761 | 847 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 49,288 | (21,365) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **290,877** | **117,338** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 26,846 | (60,413) |
| Speansais fhabhraithe | | 6,074 | 5,995 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 23,203 | 39,895 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **56,123** | **(14,523)** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **234,754** | **131,861** |
| **Glansócmhainní** | | **247,059** | **143,466** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **247,059** | **143,466** |

## 2.1 Cuntas maoiniú stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 143,466 | 156,196 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 1,152,858 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (23,800) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (207) | | |
| Vóta glan | | | 1,128,851 | 803,865 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1 | | 73,956 | 64,371 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 7,373 | 7,400 |
| Costas glan clár | 1 | | (1,106,587) | (888,366) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **247,059** | **143,466** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige/ fearais eile | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil arna bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag1 Eanáir 2017 | 232,459 | 14,289 | 171 | 246,919 |
| Breiseanna | 5,477 | 133 | — | 5,610 |
| Diúscairtí | (344) | — | — | (344) |
| Costas nó luacháil ag31 Nollaig 2017 | 237,592 | 14,422 | 171 | 252,185 |
| | | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 221,624 | 13,690 | — | 235,314 |
| Dímheas don bhliain | 4,699 | 210 | — | 4,909 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (343) | — | — | (343) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | 225,980 | 13,900 | — | 239,880 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **11,612** | **522** | **171** | **12,305** |
| | | | | |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 10,835 | 599 | 171 | 11,605 |

Tá tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit a bhfuil smacht ag an Roinn orthu nó atá á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil aon luacháil déanta orthu leagtha amach in Aguisín A.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | (29,330) | 58,697 |
| Iarmhéideanna bainc tráchtála | 2,484 | 1,788 |
| Orduithe gan íoc | — | (72) |
| | **(26,846)** | **60,413** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthairtí saotharlainne agus ceimiceáin | 452 | 434 |
| Soláthairtí stáiseanóireachta | 157 | 129 |
| Soláthairtí ríomhaireachta | 47 | 47 |
| Soláthairtí tréidliachta | 1,168 | 683 |
| Beostoc | 289 | 313 |
| Stoc talmhaíochta | 80 | 85 |
| Soláthairtí glantacháin | 6 | 14 |
| Stoic ola | 36 | 28 |
| | **2,235** | **1,733** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Óinchistí agus costais infhorchúitithe taistil | 155 | 152 |
| Aiscí agus cnapshuimeanna scoir infhorchúitithe na Roinne Airgeadais | 52 | 5 |
| Airleacain chuig OOP | 486 | 594 |
| Dlite ó údaráis áitiúla maidir le forbairt chuain | — | 66 |
| Sonraí mairteola agus scéim ghéanómaíochta | 68 | 30 |
| | **761** | **847** |

## 2.6 Iarmhéideanna eile creidmheasa

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stáit** | | |
| Cáin ioncaim | 2,337 | 2,878 |
| Árachas Sóisialach Pá- Choibhneasta | 1,353 | 1,548 |
| Cáin Iarchoimeadta ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1,193 | 1,104 |
| Cáin Bhreisluacha | 1,483 | 346 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 1 | — |
| Aoisliúntas | 476 | 13 |
| CBL ar Dhíolacháin | (62) | 282 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 25 | 27 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 542 | 774 |
| | 7,348 | 6,972 |
| Urrúis | 233 | 156 |
| Díolacháin tobhaigh agus chuóta bainne | 539 | 550 |
| Táillí ceadúnaithe lotnaidicídí | 562 | 715 |
| Airleacain AE | 8,498 | 13,548 |
| Aisíocaíocht atá dlite don AE | 2,205 | 1,185 |
| An Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe | — | 13,759 |
| Ilghnéitheach | 1,763 | 3,488 |
| Eile | 2,055 | (478) |
| | **23,203** | **39,895** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 207 | 231,096 |
| Géilleadh iarchurtha | 23,800 | 21,700 |
| Deontas ón státchiste nár tarraingíodh | (73,295) | (231,431) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **(49,288)** | **21,365** |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 761 | 847 |
| | 761 | 847 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (26,846) | 60,413 |
| Dlite don Stát | (7,348) | (6,972) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (15,855) | (32,923) |
| | (50,049) | 20,518 |
| | **(49,288)** | **21,365** |

## 2.8 Tiomantais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **a) Tiomantais dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 93,251 | 32,401 |
| Cláir dheontais | 1,201,821 | 1,444,303 |
| Cláir dheontais caipitil | 732,301 | 732,188 |
| Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí | **2,027,373** | **2,208,892** |

**b) Deontais neamhchaipitil**

| | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | Dlite i 2018 | Blianta ina dhiaidh sin | Iomlán | Iomlán |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Taighde bia | 12,103 | 43,389 | 55,492 | 64,691 |
| Deontais don earnáil orgánach | 12,574 | 32,489 | 45,063 | 53,566 |
| Scéim Luathscoir | 1,057 | 182 | 1,239 | 3,670 |
| An Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe | 205 | — | 205 | 390 |
| An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta | 9,066 | 812 | 9,878 | 27,274 |
| An Clár um Ghéanómaíocht Sonraí Mairteola | 47,300 | 111,839 | 159,139 | 190,640 |
| Sláinte Ainmhithe Éireann | — | — | — | 750 |
| An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta | 216,671 | 567,585 | 784,256 | 1,028,322 |
| Aistriú eolais | 32,200 | 23,000 | 55,200 | 75,000 |
| Scéimeanna faoi threoir áitiúil - reatha | 6,580 | 17,833 | 24,413 | — |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - reatha | 1,366 | 2,570 | 3,936 | — |
| Leas caorach | 20,000 | 43,000 | 63,000 | — |
| Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí | **359,122** | **842,699** | **1,201,821** | **1,444,303** |

**c) Deontais caipitil**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 732,188 | 706,528 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (137,997) | (113,873) |
| Tiomantais nua | 175,042 | 160,011 |
| Dídhílsithe deontais | (36,932) | (20,478) |
| Iarmhéid deiridh | **732,301** | **732,188** |

**d) Cláir chaipitil**

| | 2017 | | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | **Dlite i 2018** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Deontais infheistíochta caipitil | — | — | — | 4,121 |
| Foraoisiú | 94,081 | 516,821 | 610,902 | 641,082 |
| Scéimeanna spriocdhírithe nuachóirithe talmhaíochta | 70,000 | 25,303 | 95,303 | 81,621 |
| Scéim Ghairneoireachta | 1,577 | — | 1,577 | 894 |
| Clár athfhorbartha Chaisleáin Bhaile Sheáin | 1,000 | 2,520 | 3,520 | 4,470 |
| Scéimeanna faoi threoir áitiúil - caipitil | 99 | — | 99 | — |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - caipiteal | 300 | 300 | 600 | — |
| Togra leasúcháin Inis Sionnach | 10,000 | 1,000 | 11,000 | — |
| Iascaigh | 9,300 | — | 9,300 | — |
| Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí | **186,357** | **545,944** | **732,301** | **732,188** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tugtar míniú thíos sa chás gur ceangaltais ilbhliantúla méadaigh/(laghadaigh) faoi níos mó ná €500,000 ó 2016 go 2017.

| **Cur síos** | **Méid méadú/(laghdú)** €000 | **Míniú** |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 60,850 | Cuireadh conarthaí a dtáinig deireadh leo in 2017 amach ar conradh arís agus cuireadh conarthaí nua, a mhairfidh 3-4 bliana, ina n-áit. |
| Taighde bia | (9,199) | Bronnann an Rannán Taighde dámhachtainí ar bhonn tréimhsiúil agus tá níos mó ná 200 dámhachtain tionscadail gníomhach faoi láthair. Is 1 go 5 bliana an t-achar a mhaireann na dámhachtainí sin de ghnáth. De ghnáth, déantar roinnt íocaíochtaí i leith tionscadail le linn shaolré an dámhachtana, lena n-áirítear réamhíocaíocht agus roinnt íocaíochtaí eile a dhéantar i gcéimeanna agus an t-íocaíocht deiridh nuair atá an tionscadal thart. Déantar athbhreithniú ar gach tionscadal gníomhach gach bliain agus beidh roinnt acu i dteideal íocaíochta, ag laghdú an méid nach bhfuil íoctha fós (agus na gealltanais atá fós gan íoc). Léiríonn an ghluaiseacht a rinneadh i 2017 na híocaíochtaí a rinneadh i 2017. |
| Deontais don earnáil orgánach | (8,503) | Tá an scéim dúnta d'iarratasóirí nua agus tá na híocaíochtaí ag dul ar aghaidh mar a rinneadh cur síos orthu. |
| Scéim Luathscoir | (2,431) | Tá an scéim dúnta d'iarratasóirí nua agus tá na híocaíochtaí ag dul ar aghaidh mar a rinneadh cur síos orthu. |
| An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta | (17,396) | Tá AEOS I agus AEOS II tugtha chun críche agus táthar ag súil go dtabharfar AEOS III chun críche i 2018. Leis sin beidh an figiúr a gealladh íocadh amach. |

| Cur síos | Méid méadú/(laghdú) €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Clár um Ghéanómaíocht Sonraí Mairteola | (31,501) | Tá na híocaíochtaí ag dul ar aghaidh mar a rinneadh cur síos orthu. Seoladh sciar nua den BDGP le linn na bliana 2017 (BDGP II 2017-2022) Tá suas le 1,500 feirmeoir páirteach sa scéim nua seo a bhfuil gealltanais bhliantúla arbh ionann €16.2 milliún iad mar thoradh uirthi. |
| Sláinte Ainmhithe Éireann | (750) | Bhí íocaíocht €750,000 (uasmhéid) mar thoradh ar an meabhrán tuisceana atá idir an Roinn agus Sláinte Ainmhithe Éireann i 2016 (chun 2016 agus 2017 a chlúdach). |
| An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta | (244,066) | Anuas ar na híocaíochtaí a socraíodh, tharla laghduithe bhreise mar gheall ar rannpháirtithe a tharraing siar ón scéim, rannpháirtithe a aistríodh chuig sciar níos déanaí, agus rannpháirtithe a diúltaíodh tar éis iad a cheadú ar dtús mar gheall nár éirigh leo coinníollacha na scéime a bhaint amach. |
| Aistriú eolais | (19,800) | Seoladh an clár aistrithe faisnéise i 2016 ar feadh trí bliana go dtí an 31 Iúil 2019. Tá na híocaíochtaí á ndéanamh anois agus tá an gealltanas ag laghdú dá réir. |
| Scéimeanna faoi threoir áitiúil - reatha | 24,413 | Chuathas i mbun conarthaí nua i 2017 faoi Chlár Bhoirinn, Cúnamh Teicniúil Bhoirinn, Tionscnamh Comhpháirtíochta Nuálaíochta Chromán na gCearc agus na hEorpa - Scéimeanna Glao Oscailte |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - reatha | 3,936 | Cláir nua ilbhliantúla; cuireadh tús le Scéim Forfheidhmithe agus Rialaithe an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh, Scéim Pleanála Spásúlachta Mara an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh agus scéim Maoinithe Cúnaimh Theicniúil in 2017. |
| Leas caorach | 63,000 | Cuireadh tús le scéim nua leasa caorach i 2017. |
| Deontais infheistíochta caipitil | (4,121) | Tá deireadh anois le tiomantais ilbhliantúla. |
| Foraoisiú | (30,180) | Rinne iarratais nua an íocaíocht bhliantúil €100 milliún a a pháirtfhritháireamh a raibh €69 milliún de thiomantais bhreise mar thoradh air. |
| Scéimeanna spriocdhírithe nuachóirithe talmhaíochta | 13,682 | Tá an figiúr a gealladh méadaithe ó tharla gur ceadaíodh iarratasóirí faoi thráinsí 2017. |
| Scéim Ghairneoireachta | 683 | Baineann an méadú, den chuid is mó, le tairiscintí deontais in 2017, ina raibh ceadú i leith chríochnú na hoibre i gceist le nádúr infheistíochtaí ar leith thar thréimhse go dtí an 28/09/2018 agus áirítear sa tsuim a tugadh ar aghaidh infheistíochtaí eile a ceadaíodh in 2016/2017 a fuair síneadh isteach i 2018 mar obair nach bhféadfaí a chríochnú faoi 31/12/2017. |
| Clár athfhorbartha Chaisleáin Bhaile Sheáin | (950) | Cuireadh tús leis an tionscadal i 2017 agus é leagtha amach go mbeadh sé críochnaithe in 2019 agus tá íoc amach na dtiomantas ag dul chun cinn mar a leagadh amach. |

| Cur síos | Méid méadú/(laghdú) €000 | Míniú |
| --- | --- | --- |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - caipiteal | 600 | Clár nua caipitil ilbhliantúil í Scéim Forfheidhmithe & Rialaithe an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh a thosaigh i 2017. |
| Togra leasúcháin Inis Sionnach | 11,000 | Mar thoradh ar chinneadh an Rialtais i 2011, ghlac an tAire ceannasaíocht ar an obair leasúcháin ar láthair Inis Sionnach. Bhí caiteachas 2017 agus 2018 dírithe ar chonradh leasúcháin an Phointe Thoir agus tá an obair ar bun faoi láthair. |
| Iascaigh | 9,300 | Léirítear leis an tiomantas sin go bhfuil tionscadail caipitil a bhfuil maoiniú faighte acu faoin vóta aitheanta sna Lárionaid Chuanta Iascaigh. |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an chaiteachas riaracháin don Vóta agus achoimre ar na fáthanna do athrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000). Tá caiteachas riaracháin roinnte tríd na chláir, le costais chláir iomlán a chur I láthair

| | | | 2017 | | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | *Bunaidh* | 174,719 | | | | |
| | *Forlíontach* | (12,000) | 162,719 | 162,511 | | 159,158 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 6,910 | 7,762 | | 6,889 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | 5,720 | 5,010 | | 4,521 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 4,555 | 4,023 | | 4,195 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | 32,830 | 30,681 | | 24,642 |
| vi | Costais áitreabh oifige | | 6,411 | 5,862 | | 5,529 |
| vii | Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithniú luach airgid agus polasaithe | | 188 | 365 | | 196 |
| viii | Bearta forlíontacha chun leasa airgeadais an AE a chosaint | | 852 | 759 | | 634 |
| ix | Seirbhísí saotharlainne | | 6,504 | 6,488 | | 10,428 |
| | | | **226,689** | **223,461** | | **216,192** |

**Athrúcháin shuntasacha**

*i.* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar an mheastacháin: €175 milliún, toradh: €163 milliún

Bhí an gannchaitheamh €12 milliún ar thuarastail, pá agus liúntas le laghdú níos mó ná mar a bhí súil leis ar an mbille pá mar thoradh ar nár leanadh le baill foirne bhreise ná foirne athsholáthair a earcú chomh tapa is a bhí beartaithe.

*vii.* *Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithniú luach airgid agus polasaithe*

Soláthar an mheastacháin: €0.2 milliún, toradh: €0.4 milliún

Bhí róchaitheamh €0.2 milliún i gceist maidir le seirbhísí comhairliúcháin agus ar athbhreithnithe ar luach ar airgead agus beartas le hathbhreithniú, nach raibh súil leis sular tugadh faoin bpróiseas Meastachán, a rinneadh ar acmhainneacht/inniúlacht infreastruchtúr an Chórais Ríomhaireachta um Shláinte Ainmhithe agus ar chórais ríomhaireachta Chóras Lánpháirtithe Faisnéise Iascaigh.

## Clár A Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe

| | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 96,555 | | | |
| | *Forlíontach* | (6,633) | 89,922 | 89,808 | 87,955 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 36,021 | 34,329 | 34,165 |
| A.3 | Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe & plandaí & leas ainmhithe | | 85,629 | 80,177 | 77,644 |
| | | | **211,572** | **204,314** | **199,764** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár A €14 milliún níos ísle ná mar a luadh (ar dtús). Bhain €8.5 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus tá sin mínithe cheana agus bhain iarmhéid an athraithe, €5.5 milliún, leis na nithe seo a leanas:

A.3 *Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe & plandaí & leas ainmhithe*

Soláthair an mheastacháin: €85.5 milliún, toradh: €80 milliún

Ba mar thoradh ar mheascán fachtóirí a bhí an t-easnamh €5.5 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. Mar thoradh ar leibhéal níos lú tástála ná mar bhí súil leis bhí níos lú íocaíochtaí le déanamh le cigirí tréidliachta sealadacha, bhí costais choimhdeacha níos ísle i gceist agus gan an oiread gá le trealamh a cheannach rud a shábháil €2.1 milliún. Mar thoradh ar laghdú ar an meánphraghas a íocadh ar imoibreoirí agus an laghdú ar phraghsanna tarrthála monarchan, sábháladh €1.7 milliún. Sábháil €1.7 milliún mar thoradh ar chomhlíontacht níos fearr ag úinéirí capall agus méadú ar onnmhairí capall a raibh laghdú mór ar an líon a bhí ag dul ar strae mar thoradh air.

## Clár B Tacaíochtaí agus Rialaithe Feirme/Earnála

| | | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 53,793 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,694) | 50,099 | 50,035 | 49,002 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | 18,063 | 17,253 | 14,661 |
| B.3 | Scéimeanna agra-chomhshaoil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 244,750 | | | |
| | | *Forlíontach* | 14,500 | 259,250 | 224,469 | 148,326 |
| B.4 | Scéim limistéir faoi shrianta nádúrtha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 202,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,500 | 206,500 | 205,298 | 206,467 |
| B.5 | Talmhaíocht & bia a fhorbairt (feirm) | | | 57,055 | 37,109 | 12,729 |
| B.6 | An clár um shonraí & géanómaíochta mairteola | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 52,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,000) | 49,000 | 47,137 | 61,896 |
| B.7 | Aistriú eolais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 25,621 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,800) | 22,821 | 13,784 | — |
| B.8 | Scéim leasa ainmhithe do chaoirigh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 25,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (8,000) | 17,000 | 15,851 | — |
| B.9 | Scéim luathscoir | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,210 | | | |
| | | *Forlíontach* | (599) | 2,611 | 2,504 | 4,406 |
| B.10 | Foraoiseacht & bithfhuinneamh | | | | | |
| | | *Soláthar don bhliain reatha* | 89,890 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 21,700 | 111,590 | 101,574 | 103,802 |
| B.11 | Costais rialaithe & scéimeanna tacaíochta eile | | | 11,887 | 10,594 | 7,694 |
| B.12 | Scéimeanna eile | | | 89 | 718 | 13,977 |
| | | | | **805,965** | **726,326** | **622,960** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár B €79 milliún níos ísle ná mar a luadh (ar dtús). Bhain €5 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus tá sin mínithe cheana agus bhain iarmhéid an athraithe, €74 milliún, leis na nithe seo a leanas:

*B.3 Scéimeanna agra-chomhshaoil*

Soláthair an mheastacháin: €245 milliún, toradh: €225 milliún

Ba mar thoradh ar mheascán fachtóirí a bhí an t-easnamh €20 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. Tharla ganncháitheamh €18 milliún faoin Scéim Agra-chomhshaoil, Ísealcharbóin, Ghlas (GLAS), ó tharla gur cuireadh tús le traenáil níos déanaí ná mar a bhí súil leis de bharr nach raibh córais TE i bhfearas; lúide íocaíochtaí a eisíodh mar nár éirigh ach le 76 faoin gcéad d'iarratasóirí sna seiceálacha réamhíocaíochtaí i gcomórtas leis an sprioc 85 faoin gcéad agus laghdaíodh an líon measta conarthaí a bhí i dteidlíocht GLAS+ agus laghdaíodh an meán-íocaíocht.

Bhí gannchaitheamh €4 milliún i gceist freisin ó tharla go raibh roinnt scéimeanna comhshaoil ar bhonn áitiúil a thosaigh níos déanaí ná mar a beartaíodh agus gannchaitheamh eile €2 milliún mar nár eisíodh roinnt íocaíochtaí a bhí dlite i 2017 faoi scéimeanna feirmeoireachta orgánaí. Mar chothromaíocht air sin, bhí róchaiteachas €5 milliún ar chaiteachas faoin Scéim Roghanna Agra-Chomhshaoil (AEOS) mar gur íocadh i 2017 cásanna nár íocadh i 2016.

*B.4 Scéim limistéir faoi shrianta nádúrtha (ANC)*

Soláthair an mheastacháin: €202 milliún, toradh: €205 milliún

Ba mar thoradh ar bhreis iarratas ar íocaíochtaí scéime a phróiseáil go dtí céim na híocaíochta nár a mar a bhí súil leis a bhí an méadú €3 mhilliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.

*B.5 Talmhaíocht & bia a fhorbairt (feirm)*

Soláthair an mheastacháin: €57 milliún, toradh: €37 milliún

Bhain an t-easnamh €20 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta leis an leibhéal íseal éileamh ar íocaíocht a fuarthas i ndáil le hiarratais ar Scéimeanna Spriocdhírithe Nuachóirithe Talmhaíochta II. Faoi dheireadh 2017 ní raibh ach an ceathrú cuid d'iarratasóirí ceadaithe a raibh éileamh déanta acu agus bhí trí ceathrú de sin íoctha faoi dheireadh 2017.

*B.6 An clár um shonraí & géanómaíochta mairteola*

Soláthair an mheastacháin: €52 milliún, toradh: €47 milliún

Bhain an t-easnamh €5 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta le gur tharraing roinnt iarratasóirí amach as an gclár ó d'oscail sé 2015. Fuarthas breis is 1,700 iarratas i 2017 don thráinse nua na scéime. Lean 1,500 díobh sin de bheith páirteach ach ní raibh comhlíontacht bainte amach acu ar fad faoi dheireadh na bliana.

*B.7 Aistriú eolais*

Soláthair an mheastacháin: €26 milliún, toradh: €14 milliún

Bhain an t-easnamh €12 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta leis an síneadh dhá mhí go dtí an 31 Iúil a cuireadh ar an dáta le sonraí a chur ar aghaidh ar an gclár. Chuir sin moill ar thús na n-íocaíochtaí. Chomh maith leis sin, glanadh níos lú cásanna ná mar bhí súil leis d'íocaíocht sa chéad sraith íocaíochta don scéim nua seo.

*B.8 Scéim leasa ainmhithe do chaoirigh*

Soláthair an mheastacháin: €25 milliún, toradh: €16 milliún

Bhain an t-easnamh €9 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta le gur lú an líon feirmeoirí a rinne iarratas a bheith páirteach sa scéim ná mar a bhí súil leis. Chomh maith leis sin, éascaíonn an scéim réamhíocaíocht a dhéanamh ag ráta 85 faoin gcéad agus an iarmhéid le híoc i ndiaidh clár cigireachta a bheith tugtha chun críche. Táthar ag súil go n-eiseofar an íocaíocht iarmhéide 15 faoin gcéad go luath i R2 2018. €16 milliún caiteachais a bhí i gceist i 2017 mar thoradh ar na fachtóirí sin.

*B.9 Scéim luathscoir*

Soláthair an mheastacháin: €3.2 milliún, toradh: €2.5 milliún

Bhain an t-easnamh €0.7 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta le laghdú ar líon na rannpháirtithe sa scéim agus í ag teacht chun deiridh.

*B.10 Foraoiseacht agus bithfhuinneamh*

Soláthair an mheastacháin: €112 milliún, toradh t: €102 milliún

Bhain an t-easnamh €10 milliún i gcaiteachas maidir leis an soláthar measta le gannchaithimh €5 mhilliún faoi gach ceann de na scéimeanna foraoiseachta agus scéimeanna tacaíochta foraoiseachta. Tá an scéim foraoiseachta bunaithe ar éileamh agus baineann an t-easnamh den chuid is mó le préimheanna gan íoc mar thoradh ar; iarratasóirí nach ndéanann iarratas ar a bpréimh nó nach n-éilíonn í nó a stopann an Roinn a gcuid préimheanna; moill ar dhaoine aonair i dtaobh a dteastas imréitigh cánach agus droch-chaighdeán an ionaid foraoiseachta; agus sa chás go roghnaíonn daoine aonair a gcuid préimheanna a fhágáil lena n-éileamh le chéile am éigin amach anseo.

Mar thoradh ar laghdú ar iarratais ar an Scéim Bóthair, de dheasca fadhbanna leanúnacha le cead pleanála do bhealaí isteach ar bhóithre foraoisí amach ar bhóithre poiblí, an gannchaitheamh i scéimeanna tacaíochta chomh maith le nár íocadh íocaíochtaí a bhí súil a íoc faoin Scéim Windblown ach atá anois le híoc i 2018.

*B.11 Costais rialaithe & scéimeanna tacaíochta eile*

Soláthair an mheastacháin: €12 milliún, toradh t: €11 milliún

Bhain an t-easnamh €1 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta le nach bhfuarthas faoi dheireadh na bliana na sonraisc ar fad a raibh súil leo a bhain le forbairt an Chórais Chomhtháite Riaracháin agus Rialaithe/Córas Aitheantais Dáileachtaí Talmhaíochta.

*B.12 Scéimeanna eile*

Soláthair an mheastacháin: €0.1 milliún, toradh: €0.7 milliún

Bhain an méadú €0.6 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta le dhá scéim nua a tugadh isteach i lár na bliana - Beart Cailliúint Barr de dheasca na hAimsire agus Beart Faoisimh ó Dhíobháil Tuilte - chun dul i ngleic leis an gcruatan a d'fhulaing roinnt feirmeoirí mar thoradh ar an drochaimsir.

## Clár C Beartas agus Straitéis

| | | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 15,992 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,098) | 14,894 | 14,874 | 14,567 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | | 6,082 | 5,752 | 5,138 |
| C.3 | Taighde, cáilíocht & deimhniúchán | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 28,757 | | | |
| | | *Forlíontach* | (7,000) | 21,757 | 21,870 | 27,931 |
| C.4 | Talmhaíocht agus bia a fhorbairt agus a chur chun cinn (nach feirm atá i gceist) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 15,214 | | | |
| | | *Forlíontach* | (8,200) | 7,014 | 7,815 | 7,262 |
| C.5 | Deontas Teagasc | | | 128,130 | 128,130 | 126,780 |
| C.6 | Deontas Bord Bia | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 34,492 | | | |
| | | *Forlíontach* | 6,600 | 41,092 | 40,775 | 32,569 |
| C.7 | Ciste Rásaíochta Capall agus Con | | | 80,000 | 80,000 | 74,000 |
| C.8 | Ciste Forbartha & Nuálaíochta Tuaithe Cedra | | | 1,500 | 1,394 | 1,480 |
| C.9 | Bia agus tabhartais - Clár Domhanda Bia | | | | | |
| | | *Bunaidh* | — | | | |
| | | *Forlíontach* | 14,000 | 14,000 | 14,000 | 40,000 |
| C.10 | Seirbhísí eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 14,661 | | | |
| | | *Forlíontach* | 9,000 | 23,661 | 23,786 | 10,084 |
| | | | | **338,130** | **338,396** | **339,811** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár C €13.5 milliún níos airde ná mar a luadh (ar dtús). Bhain €1.5 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus tá sin mínithe cheana agus bhain iarmhéid an athraithe, €15 milliún, leis na nithe seo a leanas:

*C.3 Taighde, cáilíocht & deimhniúchán*

Soláthair an mheastacháin: €29 milliún, toradh: €22 milliún

Bhain an t-easnamh €7 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta le moill a bheith ar sheoladh Glaoch ar Thograí Taighde 2017 go dtí Meitheamh 2017. Níor fhéad an Roinn, mar sin, na chéad íocaíochtaí a dhéanamh faoin nGlaoch sin laistigh den bhliain féilire.

*C.4 Talmhaíocht agus bia a fhorbairt agus a chur chun cinn (nach feirm atá i gceist)*

Soláthair an mheastacháin: €15 milliún, toradh: €8 milliún

Bhain an t-easnamh €7 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta le nár tugadh scéim do tháirgeoirí bia speisialtachta chun críche go dtí 2018 agus a raibh easnamh €2 milliún i gceist mar thoradh air. Bhí easnamh eile €5 milliún ann de dheasca cistí a cuireadh ar fáil don Roinn ar dtús chun forbairt an mhargaidh idirnáisiúnta a chur chun cinn a bheith aistrithe go dtí An Bord Bia ar sannadh freagracht orthu don ghníomhaíocht seo.

*C.6 Deontas Bord Bia*

Soláthair an mheastacháin: €34 milliún, toradh: €40 milliún

Bhain an méadú €6 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta leis an gcead a thug an Roinn don Bhord Bia breis airgid a chaitheamh ar chláir chun forbairt margaidh idirnáisiúnta a chur chun cinn i gcomhthéacs an Bhreatimeachta.

*C.8 Ciste Forbartha & Nuálaíochta Tuaithe Cedra*

Soláthair an mheastacháin: €1.5 milliún, toradh: €1.4 milliún

Bhain an t-easnamh €0.1 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta le líon níos lú tionscadal turasóireachta agrai-bhia na caighdeáin a bhí de dhíth do cheadú a bhaint amach.

*C.9 Bia agus tabhartais - Clár Domhanda Bia*

Soláthair an mheastacháin: €0 milliún, toradh: €14 milliún

Bhain an méadú €14 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta le híocaíocht amach luath €10 milliún ar íocaíocht 2018 i mí na Nollag 2017. Cuireadh €4m breise ar fáil don Chlár Domhanda Bia (WFP), €2.5 milliún nach raibh leagtha amach don WFP, de réir na dtiomantas a rinne Éire ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla i 2016, agus €1.5 milliún i leith fhreagra WFP i ndáil leis an éigeandáil i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

*C.10 Seirbhísí eile*

Soláthair an mheastacháin: €15 milliún, toradh: €24 milliún

Bhain an caiteachas €9 milliún le ranníocaíocht na Roinne chun Scéim Iasachta an Bhreatimeachta a mhaoiniú. Fógraíodh Scéim Iasachta an Bhreatimeachta le linn Buiséad 2017 agus tá maoiniú státchiste €23 mhilliún ar an iomlán ag baint léi. B'ionann ranníocaíocht na Roinne agus €9 milliún agus íocadh sin le Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann. Ba í an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta a bhí ag ranníoc an mhaoinithe státchiste eile €14 mhilliún.

Táthar ag súil go mbeidh an maoiniú státchiste, trí ráthaíocht Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann, arna tacú léi ag an stát agus ag ráthaíocht i bpáirt ón gCoimisiún Eorpach agus ón mBanc Eorpach Infheistíochta, in ann €300 milliún d'iasachtaí a ghiaráil do SMEnna agus cuideachtaí meánmhéide chun déileáil leis an dúshlán a bhaineann leis an mBreatimeacht.

## Clár D Earnáil an Bhia Mara

| | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 8,379 | | | |
| | *Forlíontach* | (575) | 7,804 | 7,794 | 7,633 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | 3,804 | 3,616 | 3,071 |
| D.3 | Iascaigh | | | | |
| | *Bunaidh* | 33,220 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,500) | 30,720 | 27,686 | 18,997 |
| D.4 | Deontas Fhoras na Mara | | 31,563 | 31,332 | 29,094 |
| D.5 | Deontas Bhord Iascaigh Mhara | | | | |
| | *Bunaidh* | 44,088 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,500) | 39,588 | 33,462 | 23,104 |
| D.6 | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | | 12,800 | 10,731 | 10,016 |
| D.7 | Togra leasúcháin Inis Sionnach | | 8,000 | 4,099 | 2,262 |
| D.8 | Eile | | — | — | 300 |
| | | | **134,279** | **118,720** | **94,477** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár D €23 milliún níos ísle ná mar a luadh (ar dtús). Bhain €1 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus tá sin mínithe cheana agus bhain iarmhéid an athraithe, €22 milliún, leis na nithe seo a leanas:

*D.3 Iascaigh*

Soláthair an mheastacháin: €33 milliún, toradh: €28 milliún

Ba mar thoradh ar mheascán fachtóirí a bhí an t-easnamh €5 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. Bhí ganncaitheamh €0.5 milliún i gceist mar gheall ar mhoill a bheith ar thús a chur le tionscnaimh Bithéagsúlachta Mhara Fhoras na Mara. Bhí ganncaitheamh breise €3 milliún dlite de bharr roinnt tionscadal forbartha bia mara nár tugadh fúthu chomh maith le moill soláthair i gcás roinnt tionscadal agus nár cuireadh tús le formhór conarthaí go dtí R2 in áit R1 agus roinnt costais tionscadal a bheith níos ísle ná mar measadh ar dtús. Bhí ganncaitheamh €1.5 milliún eile i gceist de bharr moill a bheith ar thionscadail an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh.

*D.5 Deontas Bhord Iascaigh Mhara*

Soláthair an mheastacháin: €44 milliún, toradh: €33 milliún

Bhain an t-easnamh €11 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta le héileamh íseal a bheith ar roinnt scéimeanna, an Scéim um Dobharshaothrú Inbhuanaithe agus an Scéim um Scálú Biamara agus Margaí Nua a Fhorbairt ach go háirithe. Faoin scéim um Dobharshaothrú Inbhuanaithe, bíonn tionchar diúltach ar iarratais mar gheall nach bhfuil limistéir Natura 2000 san áireamh faoin scéim mura bhfuil Measúnacht Chuí na Treorach um Ghnáthóga déanta ar na limistéir sin.

*D.6 An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara*

Soláthair an mheastacháin: €13 milliún, toradh: €11 milliún

Ba mar thoradh ar líon fachtóirí a bhí an t-easnamh €2 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. Bhí ganncaitheamh €1 mhilliún i bpá agus i bpinsin mar thoradh ar roinnt post a ceadaíodh faoin struchtúr ceadaithe roinnte á n-earcú níos déanaí ná mar a bhí beartaithe agus bhí caiteachas níos lú i ndáil le bunchostais pá mar thoradh air. Bhí ganncaitheamh freisin i ndáil le liúntais uainchláir agus PRSI fostóra. Bhí sábháil ar phinsin mar go raibh íocaíochtaí cnapshuime pinsean do 2017 níos ísle ná mar a bhí súil leis. Tharla ganncaithimh neamh-phá €0.5 milliún mar gheall nár cuireadh tús le líon tionscadal agus mar gheall ar thearc-chaithimh i gcostais taistil & chothabhála agus costais oiliúna agus forbartha. Tharla ganncaitheamh caipitil €0.5 milliún mar gheall ar athrú a rinneadh ar shamhail mhaoinithe chóiríocht Bhaile Chaisleáin Bhéarra.

*D.7 Togra leasúcháin Inis Sionnach*

Soláthair an mheastacháin: €8 milliún, toradh: €4 milliún

Bhain an t-easnamh €4 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta leis an meastachán a bheith bunaithe ar thús a chur leis an gcéim is déine den tionscadal ó thaobh acmhainní (dul i mbun oibre ar an bpointe is faide soir) le linn an chéad ráithe de 2017. Síníodh an conradh don obair ar an bpointe is faide soir i ndeireadh na dála i mí Iúil 2017 agus mar sin bhí moill ar thús a chur leis an obair thógála. Bhí caiteachas níos lú ag deireadh na bliana mar thoradh air sin.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Fo-cheannteideal** | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Aisghabháil ar thuarastal, srl. ar oifigigh ar iasacht chuig comhlachtaí lasmuigh | | 600 | 378 | 715 |
| 2. | Éarlais agus urrúis forghéillte faoi socruithe idirghabháil AE, aisíocaíocht onnmhairithe, srl. socruithe | | 1 | 179 | 117 |
| 3. | Aisíocaíochtaí ó tháillí tréidliachta do sheirbhísí cigireachta ag monarchana éanlaithe agus monarchana feola eile | A.3 | 15,007 | 18,665 | 18,382 |
| 4. | Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta d'onnmhairithe beo | A.3 | 952 | 633 | 883 |
| 5. | Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta ar áitribh déiríochta | A.3 | 5,250 | 7,263 | 6,800 |
| 6. | Fáltais ó dhíol vacsaíní, beostoc, táirgí feirmeoireachta, etc. ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm i mBaile an Aba; aisghabháil ar chostais choraintín in Inis Píc | A.3 | 665 | 693 | 709 |
| 7. | Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhnithe, táillí ceadúnais, lotnaidicídí, táillí clárúcháin etc, agus táillí ó fheirm Bhacastúin | C.3 | 1,903 | 3,117 | 2,610 |
| 8. | Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeora i dtreo an chostais a bhaineann leis an ngalar buaibheach a dhíothú | A.3 | 5,000 | 6,945 | 6,492 |
| 9. | Fáltais ó Choimisiún na Talún | | 345 | 360 | 595 |
| 10. | Fáltais eile | | 1,752 | 2,204 | 2,600 |
| 11. | Costais idirghabhála mhargaidh agus costais airgeadais do bhearta rannóige (Ráthaíocht) FEOGA eile | B.11 | 1,020 | 1,050 | 867 |
| 12. | Caillteanas stoic idirghabhála, etc. | B.11 | 1 | 1,038 | 725 |
| 13. | CETFT (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | B.4, B.3, B.5 & B.9 | 253,000 | 169,091 | 383,009 |
| 14. | Ciste Tréidliachta | A.3 | 11,403 | 10,959 | 11,320 |
| 15. | Fáltais ráthaíochta eile ón AE (Talmhaíocht) | B.11 | 3,660 | 1,187 | 1,500 |
| 16. | Fáltais ó fhíneálacha agus fhorghéillte i leith iascaigh farraige | D.3 | 100 | 87 | 187 |
| 17. | Fáltais faoin Acht Imeall Trá 1933 agus an tAcht Maoine Stáit 1954 | D.3 | 100 | 166 | 64 |
| 18. | Aisghabháil AE i ndáil le caiteachas ar iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú | D.3 | 1 | — | — |
| 19. | Táillí ceadúnais dobharshaothraithe | D.3 | 412 | 876 | 204 |
| 20. | Fáltais AE do CEMI | D.3 | 20,700 | 16,725 | — |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 21. | EFF (Iascaigh) 2007-2013 | D.3 | 2,700 | 5,917 | 3,148 |
| 22. | Fáltais ó Chórais Bhia Inbhuanaithe na hÉireann | | 160 | 26 | 85 |
| 23. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ó luach saothair na seirbhíse poiblí | | 12,356 | 11,346 | 12,135 |
| | **Iomlán** | | **337,088** | **258,905** | **453,147** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí na Leithreasaí-i-gCabhair €78 milliún níos lú ná mar a measadh san réamhaisnéis.

Tá mínithe ar na hathruithe leagtha amach thíos:

*1* *Aisghabháil ar thuarastal, srl. ar oifigigh ar iasacht chuig comhlachtaí lasmuigh*

Soláthair an mheastacháin: €0.6 milliún, toradh: €0.4 milliún

Bhain an t-easnamh €0.2 milliún le méid a bhí dlite do R4 2017 nach raibh faighte roimh dheireadh na bliana agus le roinnt oifigeach ag filleadh ó a bheith ar iasacht nó ar scor.

*2* *Éarlais agus urrúis forghéillte faoi idirghabháil AE, aisíocaíocht onnmhairithe, srl. socruithe*

Soláthair an mheastacháin: €0 milliún, toradh: €0.18 milliún

Tharla an t-ardú €0.18 milliún mar gur fáltas forghéillte é seo. Ní féidir a mheas an mbeidh aon fháltais ann sa bhliain agus má bhíonn, méid an fhorghéillte a bheidh le híoc. Dá bhrí sin, is ag neamhní atá an meastachán socraithe.

*3* *Aisíocaíochtaí ó tháillí tréidliachta do sheirbhísí cigireachta ag monarchana éanlaithe agus monarchana feola eile*

Soláthair an mheastacháin: €15 milliún, toradh: €18.5 milliún

Bhain an t-ardú €3.5 milliún leis an ardú a tháinig ar na figiúirí maraithe arís i 2017 chomh maith le béim níos mó ag an Rannán ar tháillí gan íoc a bhailiú agus íocaíochtaí tráthúla a dhéanamh i ndáil le gach sonrasc.

4 *Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta d'onnmhairithe beo*

Soláthair an mheastacháin: €0.9 milliún, toradh: €0.6 milliún

Ba mar thoradh ar líon níos lú onnmhairithe caorach in éineacht le laghdú ar thobhach an táille onnmhairithe ar laonna an t-easnamh €0.3 milliún.

5 *Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta ar áitribh déiríochta*

Soláthair an mheastacháin: €5 milliún, toradh: €7 milliún

Bhain an t-ardú €2 milliún le toradh níos airde ná mar a bhí súil leis de bharr ardú ar an méid bainne a táirgeadh/próiseáladh.

7 *Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhnithe, táillí ceadúnais, lotnaidicídí, táillí clárúcháin etc, agus táillí ó fheirm Bhacastúin*

Soláthair an mheastacháin: €2 milliún, toradh: €3 milliún

Bhain an t-ardú €1 milliún le meascán fachtóirí - ar an ardú a tháinig ar an méid síolta gránach a deimhníodh i 2017 agus an t-ardú a tháinig ar tháillí clárúcháin lotnaidicídí den chuid is mó.

8 *Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeora i dtreo an chostais a bhaineann leis an ngalar buaibheach a dhíothú*

Soláthair an mheastacháin: €5 milliún, toradh: €7 milliún

Bhain an t-ardú €2 milliún leis an ardú an méid a bhí i gceist i ngléasraí feola, in uachtarlanna, i seamlais agus onnmhaireoirí. Ba san earnáil déiríochta a bhí an príomhardú.

10 *Fáltais eile*

Soláthair an mheastacháin: €1.8 milliún, toradh: €2.2 milliún

Bhain an t-ardú €0.4 milliún den chuid is mó le hardú ar na hasbhaintí pinsean a fuair Comhlachtaí Stáit i ndáil le foireann a thosaigh leis na Comhlachtaí i lár na bliana.

12 *Caillteanas Stoic Idirghabhála, etc.*

Soláthair an mheastacháin: €0 milliún, toradh: €1 milliún

Tharla an t-ardú €1 milliún mar gheall go bhfuil sin bunaithe ar fhigiúr coinneála céatadáin arna ríomh ar phionóis a gearradh agus a bhailigh an ghníomhaireacht a d'íoc maidir le híocaíochtaí faoi leith an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF). Ceadaítear an aisíocaíocht i bpróiseas imréitigh Cuntas Bliantúil an EAGF. Deimhnítear an figiúr deiridh i mí Aibreáin agus déantar é a aisíoc i mí an Mheithimh. Dá bhrí sin, tá sé deacair meastachán a thabhairt ar an aisíocaíocht.

13 *CETFT (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe)*

Soláthair an mheastacháin: €253 milliún, toradh: €169 milliún

Ba mar thoradh ar fháltas EAFRD a rabhthas ag súil leis i mí na Nollag 2017 ach nach bhfuair an Roinn go dtí Eanáir 2018 an t-easnamh €84 milliún.

15 *Fáltais ráthaíochta eile ón AE (Talmhaíocht)*

Soláthair an mheastacháin: €3.5 milliún, toradh: €1 milliún

Ba mar thoradh ar mheascán fachtóirí a bhí an t-easnamh €2.5 milliún. Ba mar thoradh ar na scéimeanna Bainne Scoile agus Torthaí Scoile a athrú ó bheith á gcómhaoiniú ag an Vóta/AE go dtí a bheith maoinithe 100 faoin gcéad ag an AE ón 01/08/17 an t-easnamh €1 milliún. Ní raibh aon fhorchúiteamh eile i ndiaidh an dáta sin ón AE. Chomh maith leis sin, níor seoladh an Clár Bia Ceardaí i 2017 mar gur cinneadh cur le sainchúram na scéime agus bhí gá le ceadú a fháil ina leith sin ón gCoimisiún Eorpach. Fuarthas sin in Eanáir 2018, agus bhí easnamh €1.5 milliún dá bharr.

19 *Táillí ceadúnais dobharshaothraithe*

Soláthair an mheastacháin: €0.4 milliún, toradh: €0.9 milliún

Bhain an t-ardú €0.5 milliún leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le riaráistí a laghdú mar thoradh ar chur chuige níos forghníomhaí i ndáil le bainistiú fiachais agus traschomhlíonadh le gníomhaireachtaí eile, Bord Iascaigh Mhara go háirithe.

20 *Fáltais AE do CEMI*

Soláthair an mheastacháin: €21 milliún, toradh: €17 milliún

Ba mar thoradh ar líon fáltas níos lú a fuarthas ón gCoimisiún Eorpach an t-easnamh €4 milliún. Cuireadh éileamh ar €21 milliún isteach, ach choinnigh an Coimisiún suim €2.6 milliún siar go sealadach maidir le neamhchomhlíonadh le coinníollacha ex-ante a bhí san áireamh sa Chlár Oibríochta. Choinnigh an Coimisiún €1.8 milliún eile freisin de réir Rialachán AE mar chúltaca feidhmíochta. Ní féidir ach leis an gCoimisiún é sin a phróiseáil agus ní íocfar é go dtí go mbeidh athbhreithniú lártéarma ar an gClár tugtha chun críche ag an gCoimisiún i 2019.

21 *EFF (Iascaigh) 2007-2013*

Soláthair an mheastacháin: €3 milliún, toradh: €6 milliún

Bhí an t-ardú €3 milliún mar thoradh ar leithdháileadh cistí a bhain le réamh-airgeadú a fuarthas ón AE i mblianta tosaigh an chláir, ach a coinníodh ar fionraí ar feadh roinnt blianta go dtí gur taisceadh éilimh leis an AE.

22 *Fáltais ó Chórais Bhia Inbhuanaithe na hÉireann*

Soláthair an mheastacháin: €0.16 milliún, toradh: €0.026 milliún

Ba mar thoradh ar líon fáltas nach bhfuarthas go dtí 2018 an t-easnamh €0.134.

23 *Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ó luach saothair na seirbhíse poiblí*

Soláthair an mheastacháin: €12 milliún, toradh: €11 milliún

Is mar gheall ar thearc-chaitheamh sa chaiteachas párolla a d'fhágfadh go mbeadh níos lú fáltas ann ó asbhaintí a bhain le pinsin a bhí an t-easnamh €1 mhilliún.

## 4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | 206 |
| Costais dlí | 31 | 20 |
| Géilleadh deonach thuarastail aire | — | 1 |
| Ró-íocaíochtaí ó scéimeanna AE a dícheadaíodh | — | 2,929 |
| Caipiteal Choimisiún na Talún | — | 8,836 |
| Fáltais ó dhíol talún | 642 | — |
| Seiceanna Vóta nár sóinseáladh a géilleadh | 72 | — |
| Ilfháltais a géilleadh | 2 | — |
| Aistrithe chuig an Stát Chiste | (747) | (11,992) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | — |

# Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

## 5.1 Líon na bhFostaithe

Baineann an fhaisnéis a leanas faoi líon fostaithe agus pá leis an Roinn agus a gcuid comhlachtaí gaolmhar Stáit.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon Foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | **4,594** | **4,421** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 210,291 | 204,687 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 1,326 | 1,249 |
| Liúntais eile | 2,034 | 1,930 |
| Ragobair | 3,606 | 3,302 |
| Liúntais Seala Oibre | 543 | 510 |
| ÁSPC an Fhostóra | 11,860 | 11,072 |
| **Pá iomlán** | **229,660** | **222,750** |

Ní bhaineann na sonraí liúntais, ragoibre agus sonraí eile luach saothair i nótaí 5.3 ó 5.6 thíos ach le foireann na Roinne amháin, a íoctar go díreach ón Vóta faoi chláir A go D. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le socruithe luach saothair chomhlachtaí gaolmhara na Roinne ar fáil ó na tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na comhlachtaí ábhartha Stáit.

Aistríodh feidhm thuarastal na Roinne chuig na Seirbhísí Comhroinnte Párolla i Mí na Samhna 2016. Do chuspóirí Nóta 5, tá an Roinn tar éis glacadh le modh aicmithe luach saothair bhreise SCPR.

## 5.3 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragobair

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | Íocaíocht aonair is mó |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2017 | 2016 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 100 | 1 | 24,308 | 10,982 |
| Liúntais Seala Oibre | 72 | 19 | 20,392 | 19,146 |
| Liúntais eile | 606 | 4 | 18,041 | 18,696 |
| Ragobair | 771 | 102 | 38,926 | 31,806 |
| Luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin | 304 | 157 | 41,846 | 35,113 |

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Íocadh suim arbh ionann í agus €1,617,115 ar an iomlán le 62 státseirbhíseach ar scor atá ag fáil pinsean státseirbhíse, a fostaíodh arís ar bhonn táille. Tá prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012 i gceist leis na táillí sin.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €467,101 (327 duine aonair) (2016: €508,254; 349 duine aonair). As sin, tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm maidir le €269,011 (87 duine aonair).

## 5.6 Dámhachtainí scaoileadh

Ní raibh aon scaoilíocaíochtaí ann i 2017. (2016: €239,480).

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ón AE

Tugadh an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD) isteach faoi Rialachán (AE) Uimh, 1290/2005 ón gComhairle. Maoiníonn an ciste EAGF íocaíochtaí díreacha agus tacaíochtaí margaidh agus déanann an EAFRD cómhaoiniú ar bhearta forbartha faoin tuath faoi chláir forbartha tuaithe ceadaithe.

Áirítear ar ghníomhaíochtaí na Roinne bearta atá maoinithe go hiomlán ag an EAGF agus gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an EAFRD agus ón Vóta.

Áirítear i gClár B caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag an AE tríd an EAFRD. Áirítear i gClár C chomh maith caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag Ciste Tréidliachta an AE. Áirítear i gCláir C & D caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag an AE tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, 2014-2020 (EMFF). Áirítear i gClár B muirear chuig an Vóta €3.267 milliún do Mhaoiniú AE a dícheadaíodh mar gheall ar íocaíochtaí déanacha ar scéimeanna áirithe.

Áirítear ar an gcuntas ús de €178,000 a íoctar ar iasachtaí gearrthréimhseacha €770 milliún a fuarthas ar iasacht i 2016 chun caiteachas Ráthaíochta EAGF a mhaoiniú ag feitheamh ar aisíocaíocht ón AE. Aisíocadh na hiasachtaí i 2017 mar aon le hús.

Fuarthas cistí gearrthréimhseacha arbh ionann €740 milliún ar an iomlán iad ar iasacht in 2017 chun caiteachas um Ráthaíocht EAGF a mhaoiniú go dtí go ndéanfar forchúiteamh an AE i 2018. Léirítear na hiasachtaí seo i ráitis airgeadais an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta (EAGF), an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD) agus an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh (EMFF), oibríochtaí na hÉireann.

Ba scéim nua í an Scéim Iasachta um Thacaíocht Sreabhadh Airgid i gcomhair Talmhaíochta i 2016 agus forbraíodh í i gcomhar le Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (SBCI), agus cuireadh €150 milliún ar fáil d'fheirmeoirí ar an ráta ús 2.95%. Maolaítear faoin scéim sin an tionchar atá ag an athrú ar ráta malartaithe an sterling agus ag praghsanna tráchtearraí níos ísle i roinnt earnálacha talmhaíochta agus cuirtear foinse sholúbtha de chaipiteal oibre ar chostas íseal ar fáil d'fheirmeoirí, ina mbeidh siad in ann fiachais ghearrthéarmacha níos costasaí a íoc ar ais, ag cinntiú inbhuanaitheacht airgeadais leanúnach fhiontair inmharthana feirmeoireachta. Úsáideann SBCI an maoiniú €25 mhilliún, atá déanta suas de €14 mhilliún as ranníocaíocht na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus €11 mhilliún ón EAGF chun an ciste iomlán a ghiaráil leis na bainc rannpháirteacha, d'fhonn ráta úis fabhrach d'fheirmeoirí atá rannpháirteach sa scéim a chinntiú agus an poitéinseal maidir le drochfhiacha amach anseo a mhaolú (iasachtaí neamhíoctha) do na bainc atá rannpháirteach.

**Ioncam agus caiteachas a mhaoinítear ag an AE agus a bhainistítear ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €m | €m |
| Scéim Íocaíochta Dírí/Íocaíochta Aonair | 1,190 | 1,300 |
| Idirghabháil/Cúnamh do Stóráil Phríobháideach | 2 | 3 |
| Tacaí margaidh eile | 26 | 7 |
| Eile | (4) | (61) |
| **Fáltais chó-mhaoinithe (bearta arna gcó-mhaoiniú ag an AE)** [a] | | |
| | **2017** | **2016** |
| | **€m** | **€m** |
| Clár Forbartha Tuaithe EAFRD | 169 | 383 |
| Ciste Tréidliachta | 11 | 11 |
| Fáltais có-mhaoinithe eile | 2 | 4 |
| **Iascaigh** | | |
| EFF - An Ciste Eorpach Iascaigh 2007-2013 & EMFF - An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014-2018 | 23 | 3 |
| | **1,419** | **1,650** |

[a] Níl ach có-mhaoiniú AE ar na cláir sin le feiceáil sa tábla seo.

Tá fáltais €8.5 milliún an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh coinnithe i gcuntas fionraí (Airleacain AE) i gcomhréir le nósanna imeachta airgeadais poiblí go dtí go mbeidh coinníollacha an athbhreithnithe ar chúlchiste feidhmíochta an EMFF, a bheidh ar bun i 2019, bainte amach ag an Roinn.

## 6.2 Ró-íocaíochtaí

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí scéime ag 1 Eanáir | 2,556 | 3,254 |
| Coigeartú maidir leis an Scéim Luathscoir | (35) | (26) |
| Ró-íocaíochtaí a ardaíodh i rith na bliana | 8,985 | 9,438 |
| Ceartúcháin | (1,065) | (1,269) |
| Aisghabhálacha | (8,680) | (8,593) |
| Díscríobhanna (nóta 6.3) | (674) | (248) |
| Ró-íocaíochtaí scéime ag 31 Nollaig | **1,087** | **2,556** |

## 6.3 Díscríobhanna

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Scéim:** | | |
| Luathscor ó fheirmeoireacht | 30,521 | 41,246 |
| Scéimeanna foraoiseachta | 82,295 | 29,946 |
| An Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe | 406,658 | — |
| Préimheanna AE ilghnéitheacha agus scéimeanna limistéar-bhunaithe | 18,536 | 177,178 |
| Préimheanna Vóta Ilghnéitheach | 136,055 | — |
| | 674,065 | 248,370 |
| **Eile:** | | |
| Táillí cigireachta tréidliachta gan íoc ag cuideachtaí nach bhfuil i mbun gnó a thuilleadh | 502 | 10,572 |
| Ús deireanach díscríofa | — | 7,914 |
| Ceadúnais dobharshaothraithe imithe in éag/tugtha suas & nach ndearnadh iad a athnuachan | 20,167 | — |
| Ró-íocaíochtaí tuarastail | — | 27,731 |
| Fáthanna eile | 5,048 | 8,669 |
| | 25,717 | 54,886 |

## 6.4 Costais cúitimh agus dlí

Tá costais dlí íoctha sa bhliain catagóirithe mar leanas:

| | Líon na gcásanna | Costais dhlíthiúla arna n-íoc ag an Roinn | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | 2017 Iomlán | 2016 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh ag: | | | | | | |
| fostaithe an Roinn | 3 | — | 95 | 143 | 238 | 33 |
| baill den phobal | 22 | 10 | 200 | 2,002 | 2,212 | 958 |
| | | **10** | **295** | **2,145** | **2,450** | **991** |

## 6.5 Dliteanas teagmhasach

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Ní fios cé mhéad dliteanas teagmhasach a bheadh ann ná cén t-am a mbeidís ann.

Mar thoradh ar chinneadh an Rialtais an 14 Meitheamh 2011, ghlac an tAire ceannasaíocht ar an obair leasúcháin ar láthair Inis Sionnach. Cheadaigh cinneadh eile a rinne an Rialtas ar 28 Bealtaine 2015 buiséad scéime iomlán €61 mhilliún don tionscadal. Is €13 milliún méid an chaiteachais atá tabhaithe ag an Roinn don togra suas go dtí deireadh na bliana 2017. De réir na meastachán is deireanaí, táthar ag meas go dtabharfar togra leasúcháin Inis Sionnach chun críche i 2022.

Tá an Roinn ar an eolas faoi neamhcheadú i ndáil le próisis agus rialaithe a chur i bhfeidhm ar scéimeanna limistéar-bhunaithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Mar gheall go bhfuil an Roinn i mbun próiseas foirmeálta leanúnach Imréiteach Cuntas leis an gCoimisiún, tá suim nó tráthúlacht achtúireach na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith i gceist neamhchinnte.

## 6.6 Deontais um chabhair bia

Is é atá sa Chlár Domhanda Bia an eagraíocht cúnaimh bhia de chuid na Náisiún Aontaithe agus oibríonn sé ar bhonn ranníocaíochtaí deonacha a ghealltar go neamhrialta. Cuireann an clár cúnamh bia ar fáil do thíortha a bhfuil acu leis, cuidíonn le tionscadail eacnamaíochta agus sóisialta a chur i bhfeidhm agus tugann faoiseamh d'íospartaigh tubaistí nádúrtha agus tubaistí eile. Tá an clár i bhfeidhm in thart ar 80 tír. €14 milliún a bhí i rannchuidiú na hÉireann leis an gclár Domhanda Bia i 2017 (2016: €38.436 milliún). D'fhonn an ghéarchéim teifeach leanúnach, ghéill an Roinn d'iarratas práinneach ón WFP maidir le híocaíocht amach luath a dhéanamh i 2017 i ndáil le €10 milliún den ranníocaíocht a bhí dlite i 2018. Cuireadh €4 milliún breise ar fáil i 2017, €2.5 milliún a bhí ina mhaoiniú nach raibh leagtha amach don WFP, de réir na dtiomantas a rinne Éire ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla i 2016, agus €1.5 milliún i leith fhreagra WFP i ndáil leis an éigeandáil i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

Is é an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia an príomhchomhaontú idirnáisiúnta ar sholáthar cúnaimh bhia agus fónann sé mar chód iompair sárchleachtais agus mar ghealltanas bliantúil maidir le cúnamh bia. An clár Domhanda Bia a choimeádann cúnamh arna dheonadh faoin gCoinbhinsiún agus baintear úsáid as chun cúnamh a sholáthar i gcúinsí éigeandála. €4.587 milliún a bhí i rannchuidiú na hÉireann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Bia i 2017 (2016: €1.564 milliún).

## 6.7 Íocaíochtaí Ex-Gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €2,560,000 le 111 eagraíocht leasa ainmhithe (2016: €2,487,500).

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arb ionann iad agus €5,000 an ceann le 4 fostaithe mar chúiteamh tar éis próiseas eadrána.

Rinneadh íocaíocht ex-gratia arbh ionann í agus €8,000 le Cathaoirleach Chomhairle Chomhairleach Leas Ainmhithe Feirme.

Rinneadh íocaíocht ex-gratia arbh ionann í agus €250,000 le hIonad Eachaí na hÉireann mar thacaíocht ar na costais a bhain le stádas mar shaotharlann thagartha a bhaint amach agus a choinneáil.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia le roinnt eagraíochtaí i dtreo costais seónna talmhaíochta éagsúla a reáchtáil, mar seo a leanas:

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Macra na Feirme | 84,000 | 34,000 |
| Cumann Seónna na hÉireann Teo | 82,500 | 80,000 |
| Bantracht na Tuaithe | 9,000 | 9,000 |
| Margaí Tuaithe na hÉireann Teo | 6,000 | 6,000 |
| Trialacha Náisiúnta Madraí Caorach Bhun Clóidí | 4,000 | — |
| Cape Clear Consulting Ltd | — | 3,000 |
| Cumann Eolaíochtaí Talmhaíochta | 2,000 | 2,000 |
| Milestone Management | — | 1,000 |

## 6.8 Géilleadh iarchurtha

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigilteas de €23.8 milliún i gcaiteachais chaipitil sna fo-cheannteidil seo a leanas.

| | | |
|---|---|---|
| B.5 | Talmhaíocht agus bia a fhorbairt (feirm) | €12.8 milliún |
| B.10 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | €7 milliún |
| D.5 | Bord Iascaigh Mhara | €4 milliún |

## Nóta 7 Cuntas Ciste Rásaíochta Capall agus Con

Cuntas ar na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais (focheannteideal C.7) | 80,000 | 74,000 |
| Íocaíochtaí | | |
| Rásaíocht Capall Éireann | 64,000 | 59,200 |
| Bord na gCon | 16,000 | 14,800 |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | — |

## Aguisín A Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil luachálacha acu

| Maoine | Achar (Heicteáir) |
|---|---|
| **Corcaigh** | |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Ath na gCeannaithe | 56.5 |
| Inis Sionnach (lena n-áirítear droichead agus bóthar rochtana) | 45.7 |
| Tailte, Bóthar na Modhfheirme | 2.1 |
| Plota foraoise, Baile Átha hÚlla | 1.0 |
| Plota foraoise, Bealach Eabhra | 1.6 |
| Plota foraoise, An Baile Nua | 29.7 |
| Plota foraoise, Droichead na Bandan | 1.4 |
| Plota foraoise, Dún ar Aill | 1.1 |
| Plota foraoise, Dún Mánmhaí | 0.8 |
| Plota foraoise, Cill an Mhuilinn | 0.1 |
| Plota foraoise, Cill Ia | 7.0 |
| Plota foraoise, Cill Uird | 0.8 |
| Plota foraoise, Áth Trasna | 1.5 |
| Plotaí foraoise, Bántír | 6.2 |
| Plota foraoise, Dúiche Ealla | 6.5 |
| Plotaí foraoise, Cineál Aodha | 5.9 |
| Plotaí foraoise, Ros Ó gCairbre | 11.0 |
| **Dún na nGall** | |
| Saotharlann tástála prátaí, Ráth Bhoth | 78.0 |
| Plota foraoise, Ard an Rátha | 6.5 |
| Plota foraoise, Leitir Ceanainn | 0.2 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Plota foraoise, Coill an Chaoich | 0.7 |
| **Gaillimh** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Cill Chúile | 1.7 |
| Coill na Meille | 1.3 |
| (An) Saighleán | 1.7 |
| Ros Mór | 3.2 |
| Míleac Mór | 12.4 |
| Tailte, Coláiste Teagasc, Baile Átha an Rí | 14.0 |
| Plota foraoise, Baile na hInse | 60.7 |
| Plota foraoise, Uachtar Ard | 7.0 |
| **Ciarraí** | |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Glanlea | 4.0 |
| Plota foraoise, Ceann Mara | 0.2 |
| Plota foraoise, Cill Orglan | 28.6 |
| **Cill Dara** | |
| Stacumny Teachín, Bacastúin | — |
| Tailte, Bacastúin | 145.8 |
| **Cill Chainnigh** | |
| Tailte, Coláiste Chill an Dátúnaigh, Baile an Phoill | 18.0 |
| **Laoise** | |
| Plota foraoise, Darú | 2.2 |

| Maoine | Achar (Heicteáir) |
|---|---|
| **Liatroim** | |
| Plota foraoise, An Damhshraith | 0.4 |
| | |
| **Luimneach** | |
| Plotaí foraoise, Áth Dara | 3.0 |
| | |
| **Maigh Eo** | |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Baile Mhic Craith | 12.1 |
| | |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| An Cloichreán | 8.2 |
| Baile Uí Aogáin | 44.7 |
| Plota foraoise, Tulach Mhór | 2.5 |
| | |
| **Ros Comáin** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Cloonakilleg | 0.7 |
| Cluain Seanmhaoil | 33.0 |
| Cloonfad/Cluain Fada | 2.9 |
| Cloonboley | 4.9 |
| Cloonacolly | 21.6 |
| Cléithín | 0.6 |
| Mallynahouna | 5.0 |
| Cloonroughan nó Cluain Ruacháin | 21.9 |
| An Tearmann Mór | 55.3 |
| Tonrevagh | 10.8 |
| Cluain Seamhair | 18.4 |
| Clonree | 25.7 |
| Moor | 32.6 |
| Lissergool | 5.3 |
| Plotaí foraoise, Loch Cé | 32.0 |
| | |
| **Sligeach** | |
| Plotaí foraoise, Cúil Mhuine | 1.3 |
| | |
| **Tiobraid Árann** | |
| Plota foraoise, An Chloichín | 1.3 |
| Plota foraoise, Cluain Meala | 3.2 |
| Plota foraoise, Crois na Rae | 0.5 |
| Plotaí foraoise, Carraig na Siúire | 2.5 |
| Plotaí foraoise, Cill Síoláin | 1.9 |
| | |
| **An Iarmhí** | |
| Plotaí foraoise, Baile na gCros | 0.2 |
| Plota foraoise, Loch Ainninn | 14.5 |
| | |
| **Loch Garman** | |
| Plota foraoise, Fotharta | 4.8 |
| Plotaí foraoise, Guaire | 11.1 |

| **Maoine** | **Achar (Heicteáir)** |
|---|---|
| **Cill Mhantáin** | |
| Plota foraoise, An Coireán | 0.2 |
| Plotaí foraoise, Abhainn Mhór | 1.0 |
| Plotaí foraoise, Áth na Sceire | 4.0 |
| Plotaí foraoise, Gleann Dá Loch | 7.6 |
| Plotaí foraoise, Teach Sagard | 1.4 |
| Plota foraoise, Gleann Ó Máil | 3.0 |

**Maoin ag Cuanta Iascaigh**

Lena gcois sin, tá talamh agus foirgnimh ag sé cinn d’ionaid iascaigh cuain a dhílsítear don Aire. Tá cuntas ar leith orthu sin i gcuntas Chiste na gCuan Iascaigh.

## Aguisín B Cuntais na gComhlachtaí agus cistí faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

Is liosta atá sa tábla seo a leanas de na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil dualgas ar an Roinn na ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail an dáta ar síníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deiridh agus ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ciste na Rinne | Tréimhse chuntasaíochta dheiridh | Dáta an tuairisc iniúchta | Dáta faighte ag Aire/ Roinn | Dáta curtha i láthair an Oireachtais |
|---|---:|---:|---:|---:|
| An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe | 2016 | 11 Nollaig 2017 | 29 Eanáir 2018 | 27 Feabhra 2018 |
| Bord Bia | 2016 | 7 Iúil 2017 | 18 Iúil 2017 | 25 Deireadh Fómhair 2017 |
| Bord na gCon | 2016 | 27 Deireadh Fómhair 2017 | 3 Samhain 2017 | 22 Nollaig 2017 |
| Bord Iascaigh Mhara | 2016 | 30 Meitheamh 2017 | 30 Meitheamh 2017 | 3 Deireadh Fómhair 2017 |
| Coillte Teoranta[a] | 2016 | 6 Aibreán 2017 | 10 Aibreán 2017 | 11 Bealtaine 2017 |
| An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta, An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - Oibríochtaí na hÉireann | 2016 | 22 Nollaig 2017 | 22 Nollaig 2017 | 3 Márta 2018 |
| An Ciste um Lárionaid Chuanta Iascaigh[b] | 2016 | 22 Nollaig 2017 | 22 Nollaig 2017 | |
| Rásaíocht Capall Éireann | 2016 | 20 Deireadh Fómhair 2017 | 1 Samhain 2017 | 22 Nollaig 2017 |
| Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta[c] | 2016 | 24 Márta 2017 | 11 Bealtaine 2017 | 19 Iúil 2017 |
| Foras na Mara | 2016 | 29 Meitheamh 2017 | 30 Meitheamh 2017 | 25 Meán Fómhair 2017 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne[d] | 2016 | 28 Márta 2017 | 03 Iúil 2017 | 17 Deireadh Fómhair 2017 |
| An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | 2016 | 22 Nollaig 2017 | 22 Eanáir 2018 | 27 Feabhra 2018 |
| Teagasc | 2016 | 27 Meitheamh 2017 | 18 Iúil 2017 | 29 Meán Fómhair 2017 |
| Iontaobhaí Poiblí na hÉireann | 2016 | 23 Meitheamh 2017 | 27 Meitheamh 2017 | 12 Iúil 2017 |

[a] Ní dhéanann an C&AG iniúchadh ar Coillte, atá ina chomhlacht tráchtála féinmhaoinithe stáit; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir Alt 31 den Acht Foraoiseachta 1988, an t-acht faoinar bunaíodh é.

[b] Cuireadh cuntas An Ciste um Lárionaid Chuanta Iascaigh i láthair Thithe an Oireachtais ar 11 Aibreán 2018.

[c] Ní dhéanann an C&AG iniúchadh ar Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann, cuirtear Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir Alt 25 den Acht Groighe Náisiúnta 1945, an t-acht faoinar bunaíodh é.

[d] Ní dhéanann an C&AG iniúchadh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne, cuirtear Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir Alt 18 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) 1994.